Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11203 — PAI PARTNERS / ECF)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 274/12)

1. An 27 Iúil 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PAI Partners SAS ('PAI Partners', an Fhrainc)

— ECF Group Equity ('ECF', an Fhrainc).

Gheobhaidh PAI Partners rialú aonair ar ECF ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é PAI Partners a dhéanann bainistíocht ar roinnt cistí a infheistíonn sna hearnálacha gnó, táirgí bia agus tomhaltóirí, tionscal ginearálta, agus cúraim sláinte. Trína chuideachtaí punainne rialaithe, gineann PAI Partners ioncam in go leor tíortha ar fud an domhain, go háirithe i mBallstáit uile an Aontais.

— ECF: cuideachta atá gníomhach i mórdhíol trealaimh agus tomhaltáin neamh-bhia do ghairmithe fáilteachais agus cúraim, lena n-áirítear trealamh cistine beag, pacáistiú bia, sláinteachas agus táirgí glantacháin, éadaí oibre, troscán, agus fearais cistine ghairmiúla eile. Tá táirgí ECF tiomnaithe do ghairmithe atá gníomhach den chuid is mó in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, agus sna hearnálacha bailithe, cúraim agus cóiríochta lasmuigh freisin. Laistigh de LEE, tá ECF gníomhach den chuid is mó sa Fhrainc, san Iodáil, sa Ghearmáin, san Ostair, sa Bheilg agus i Lucsamburg, agus ar scála níos lú i dtíortha eile san Aontas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11203 — PAI PARTNERS / ECF

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË